# Pleananna Teagaisc & Foghlama

## Plean 1: Tús eolais ar an Dóchúlacht

Siollabas an Teastais Shóisearaigh
Siollabas na hArdteistiméireachta

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

# Seo an struchtúr atá ar na Pleananna Teagaisc & Foghlama:

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

**Aidhmeanna:** leagann siad amach na rudaí a mbeifí ag súil leo i gceacht nó i sraith ceachtanna.

**Réamheolas:** díríonn sé ar an eolas ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ag na daltaí cheana féin agus ar an eolas a theastóidh uathu chun cuidiú leo san ábhar nua.

**Torthaí Foghlama:** leagann siad amach na rudaí seo: na rudaí a bheidh na daltaí in ann a dhéanamh, na rudaí a mbeidh eolas acu orthu, agus na rudaí a thuigfidh siad ag deireadh na topaice.

**An Gaol leis an Siollabas:** tagraíonn sé don mhír ábhartha ó Shiollabas an Teastais Shóisearaigh agus/nó ó Shiollabas na hArdteistiméireachta.

**Acmhainní riachtanacha:** tá liosta ann de na hacmhainní a bheidh riachtanach i múineadh agus i bhfoghlaim topaice áirithe.

**Cur i Láthair an Ábhair** (níl sé ach i roinnt pleananna)**:** leagann sé amach cur chuige faoi conas topaic nua a chur i láthair.

**Idirghníomhaíocht Ceachta:** tá sí leagtha amach faoi ceithre fhó-cheannteideal:

i. **Tascanna Foghlama Daltaí – Ionchur an Mhúinteora:** Díríonn an chuid seo ar ionchur an mhúinteora agus tugann sí sonraí faoi phríomhthascanna na ndaltaí agus faoi cheisteanna an mhúinteora a bhogann an ceacht ar aghaidh.

ii. **Gníomhaíochtaí Daltaí – Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo:** tugann an chuid seo sonraí ar fhreagraí a d'fhéadfadh daltaí a thabhairt agus ar mhíthuiscintí a d'fhéadfadh a bheith ag daltaí.

iii. **Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora:** tugann an chuid seo sonraí faoi ghníomhartha múinteoirí agus dearadh í chun tacaíocht agus struchtúr a thabhairt d'fhoghlaim daltaí.

iv. **Triail tuisceana:** molann an chuid seo ceisteanna a d'fhéadfadh múinteoir a fhiafraí chun meas a dhéanamh ar cé acu atá na spriocanna/torthaí foghlama á mbaint amach. Úsáidfear an measúnú seo chun treo a thabhairt do ghníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama san ranganna a bheidh ag na daltaí ina dhiaidh sin.

**Gníomhaíochtaí Daltaí:** ag deireadh gach plean, tá gníomhaíochtaí daltaí ann agus tá siad nasctha leis an gceacht.

# Teagasc & Foghlaim Plean 1: Tús Eolais ar an Dóchúlacht

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

## Spriocanna

- Daltaí a chur ar an eolas faoi na bealaí a labhraímid faoin neamhchinnteacht agus a mbreathnaímid ar chásanna ina dtagann dóchúlacht aníos go laethúil
- Daltaí ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí ina mbeidh siad ag plé le príomhsmaointe na dóchúlachta
- Cleachtadh a dhéanamh ar an teanga agus na patrúin a bhaineann leis an dóchúlacht

## Réamheolas

*Beidh gá le réamheolas agus le taithí faoi conas déileáil le codáin agus le céatadáin.*

Beidh réamheolas ag daltaí ar roinnt smaointe agus ar roinnt patrún teanga a bhaineann le hábhar na dóchúlachta ón gcuraclam bunscoile, ó rang a trí ar aghaidh, ach go gcaithfí athbhreithniú a thabhairt ar an ábhar lena chinntiú go dtuigeann gach dalta bunús an ábhair. Seans go mbeidh 'míthuiscintí' áirithe ag daltaí bunaithe ar iomas agus ar thaithí pearsanta. Beidh ar dhaltaí turgnaimh a dhéanamh, fothorthaí na dturgnamh a chomhaireamh, agus anailís a dhéanamh ar na fothorthaí sin, agus dá bhrí sin, cruthóidh daltaí a gciall féin toisc go gceanglóidh siad an t-eolas nua leis an méid a chreideann siad cheana féin. Glacann daltaí le tuairimí nua nuair a thuigeann siad nach n-oibríonn na seantuairimí a bhíonn acu: mar shampla: ag fáil amach trí thurgnamh nach é 6 an uimhir is deacra a fháil agus iad ag caitheamh dísle féaráilte agus gur fothorthaí comhdhealraitheacha iad na fothorthaí uile ar a leithéid de chaitheamh.

Agus iad ag obair le chéile i ngrúpaí beaga, le hipitéis a thástáil mar shampla, úsáidfidh daltaí teanga an ábhair agus feabhsóidh sé sin a gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh agus iad ag baint úsáide as an téarmaíocht ceart. Féadfaidh siad bogadh ar aghaidh ansin ón gcur chuige turgnamhach, ina ríomhann siad minicíocht choibhneasta teagmhais, a théann i dtreo na dóchúlachta le haghaidh sraith trialacha gan teorainn, go dtí an cur chuige teoiriciúil atá bunaithe ar an réasúnaíocht loighciúil.

## Torthaí Foghlama

Mar thoradh ar staidéar a dhéanamh ar an ábhar seo beidh daltaí in ann

- teagmhais chinnte a idirdhealú ó theagmhais neamhchinnte
- cur síos a dhéanamh gur mó nó gur lú an dóchúlacht ó thaithí go dtarlóidh teagmhas
- ord a chur ar theagmhais ar bhonn na dóchúlachta is mó go dtí an dóchúlacht is lú agus cúiseanna a thabhairt
- scála ó 0 go 1 a úsáid chun gnáth-theagmhais a bhaineann le seans a shocrú go neamhfhoirmiúil
- dóchúlachtaí a léiriú agus a mhíniú mar chodáin, mar dheachúlacha agus mar chéatadáin

© Foireann Forbartha Tionscadal Mata 2009 

Tionscadal Mata Project Maths
Foireann Forbartha

- dóchúlacht teagmhais a léiriú mar chodán nó mar dheachúil idir 0 agus 1 nó mar chéatadán
- gach fothoradh féideartha ar thurgnaimh phraiticiúla a liostú ar nós dísle amháin a chaitheamh
- dóchúlacht teagmhais a dheimhniú trí úsáid a bhaint as na torthaí ó thurgnamh

## An Gaol le Siollabas an Teastais Shóisearaigh

| Fo-ábhair | Gnáthleibhéal |
|---|---|
| 1.5 Comhaireamh | Liostú fothorthaí turgnamh ar bhealach córasach. |
| 1.6 Coincheapa na dóchúlachta | An dóchúlacht go dtarlóidh teagmhas: bogann daltaí ó chur síos neamhfhoirmiúil go dtí cur síos foirmiúil ar an dóchúlacht.<br><br>Tuar agus cinntiú dóchulachtaí.<br><br>Socrú cé chomh dóchúil nó chomh neamhdhochúil agus atá sé go dtarlóidh gnáth-theagmhas. |

## An Gaol le Siollabas na hArdteistiméireachta

| Fo-ábhair | Bunleibhéal | Gnáthleibhéal |
|---|---|---|
| 1.2 Coincheapa na Dóchúlachta | Socrú cé chomh dóchúil nó chomh neamhdhochúil agus atá sé go dtarlóidh gnáth-theagmhas.<br><br>Aithint gur tomhas í an dóchúlacht ar scála 0-1 ar chomh dóchúil is atá sé go dtarlóidh teagmhas. | Dóchúlachtaí a mheas bunaithe ar shonraí turgnamhacha.<br><br>Dóchúlacht teagmhais a chomhcheangal lena mhinicíocht choibhneasta, fhadtéarmach. |
| 1.3 Fothorthaí na bPróiseas Randamach | An prionsabal seo a chur i bhfeidhm i gcás fothorthaí comhdhealraitheacha: chun an dochúlacht a fháil, roinn líon na bhfothorthaí, a bhfuil spéis agat iontu ar líon iomlán na bhfothorthaí. | |

© Foireann Forbartha Tionscadal Mata 2009 

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

## Cur i láthair an Ábhair

Caithfidh an meon ceart a bheith ag daltaí leis an dóchúlacht a fhoghlaim trí bhreathnú ar theanga na neamhchinnteachta agus ansin trí iarracht a dhéanamh ord a chur ar fhrásaí a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar an neamhchinnteacht, agus uaidh sin go mbeidh na daltaí in ann cainníocht a chur uirthi.

D'fhéadfaí na samplaí seo a leanas a úsáid le féachaint ar mhíthuiscintí:

- Cad í an uimhir is deacra a fháil nuair a chaitheann duine dísle cothrom?
- Ba chóir go mbeadh cuma randamach ar fhothorthaí a bhfuil baint acu le teagmhais randamacha; mar shampla, sa chrannchur insíonn an teoiric dúinn go bhfuil an dóchúlacht chéanna ann go dtiocfaidh 6 uimhir ar bith aníos, ach roghnaíonn formhór na ndaoine uimhreacha go randamach, ní roghnaíonn siad uimhreacha a mbíonn patrún leo amhail 1, 2, 3, 4, 5, 6 srl.
- D'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh go héasca ar an dóchúlacht go dtiocfadh 2 uimhir leantacha aníos in aon tarraingt Crannchuir (atá >50%) ach breathnú ar roinnt tarraingtí a rinneadh le déanaí.

## Comhthéacs an Ghnáthshaoil

D'fhéadfaí na samplaí seo a leanas a úsáid le comhthéacs an ghnáthshaoil a fhiosrú.

Ag breathnú ar staitisticí ón Daonáireamh, ceisteanna mar

- Cén fad a mhairfidh mé?
- An bpósfaidh mé?
- Cé mhéad páiste a bheidh agam?

Is féidir na ceisteanna sin a fhreagairt le roinnt mhaith cinnteachta bunaithe ar staitisticí an daonra.

Oibríonn cuideachtaí árachais saoil amach costas a bpréimheanna bunaithe ar tháblaí ionchais saoil. Cén fáth a mbíonn roinnt préimheanna níos saoire ná préimheanna eile?

© Foireann Forbartha Tionscadal Mata 2009

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

## Idirghníomhaíocht Ceachta

| Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora | Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo | Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora | Triail Tuisceana |
|---|---|---|---|
| » Sa cheacht seo beimid ag fiosrú smaointe faoin neamh chinnteacht nó faoin seans nó faoin dóchúlacht. | | | |
| » Inár ngnáthshaol, dá mbeadh eolas againn ar an seans nó an dóchúlacht go dtarlódh teagmhas, cathain a rachadh sin i bhfeidhm ar ár ngníomhartha? An bhfuil aon mholtaí agat? | • Geall a chur ar chapall – an corrlach a bheith ar eolas.<br>• Ag tógáil druga nua - Cé na seansanna a leigheasfaidh sé an galar?<br>• Ag eitilt le haerlíne áirithe – cé chomh sábháilte agus a bhí sí go dtí seo?<br>• Gearrann cuideachtaí árachas chairr na préimheanna bunaithe ar an dóchúlacht go dtarlóidh timpiste duit.<br>• Bíonn préimheanna árachas sláinte níos ísle mura gcaitheann duine tobac agus mura mbíonn tinneas tromchúiseach aimsithe ar dhuine toisc gurb ísle an dóchúlacht go mbeidh tú tinn. | | » Ar smaoinigh na daltaí ar roinnt moltaí éagsúla? |

| Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora | Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo | Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora | Triail Tuisceana |
|---|---|---|---|
| » Tosóimid trí bhreathnú ar an teanga a úsáidtear sa neamhchinnteacht agus sa seans, agus bogfaimid ar aghaidh chuig conas a chuirtear luach uimhriúil ar an neamhchinnteacht. | | » Scaip **Gníomhaíocht Daltaí 1.**<br>» Roinn an rang i ngrúpaí beaga. Ba chóir go mbeadh tasc soiléir ag gach duine sa ghrúpa. Bí cinnte go bhfuil teorainn ama ag dul leis an ngníomhaíocht. | |
| » **Gníomhaíocht Daltaí 1A,** Líon isteach:<br><br>» 3 theagmhas a tharlóidh go cinnte.<br><br>» 3 theagmhas nár tharla nó nach dtarlóidh.<br><br>» (san áit a bhfuil neamhchinnteacht uirthi) 3 theagmhas a d'fhéadfadh tarlú nó gan tarlú.<br><br>» Ag brath ar an teagmhas, cuir na cinn neamhchinnte níos gaire do thaobh na léaraíde ar a bhfuil an teideal "cinnte go dtarlóidh siad" nó "cinnte nach dtarlóidh siad". | | » Siúil timpeall an ranga go bhfeicfidh tú cad atá á scríobh ag na daltaí; má bhíonn deacrachtaí acu cuir ceisteanna orthu a thabharfaidh leid faoi shampla dóibh.<br><br>» Tóg rogha ó gach grúpa agus cuir ar an gclár bán iad. | » Ar smaoinigh na daltaí ar roinnt moltaí éagsúla? |

| Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora | Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo | Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora | Triail Tuisceana |
|---|---|---|---|
| | • Cinnte go dtarlóidh sé/gur tharla sé:<br>1. Rugadh mé.<br>2. D'éirigh an ghrian ar maidin.<br>3. Tá Síneach 6' 7" ar airde sna Cluichí Oilimpeacha.<br><br>• Cinnte nach dtarlóidh sé/nár tharla sé/ ní fhéadfadh sé tarlú:<br>4. Ní bheidh na chéad Chluichí Oilimpeacha eile ar siúl in Éirinn.<br>5. Tiocfaidh duine éigin ar thriantán ar a mbeidh ceithre thaobh.<br>6. Rugadh duine atá sa rang le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda.<br>7. Tá Michael Jackson fós beo.<br><br>• D'fhéadfadh sé/ní fhéadfadh sé tarlú:<br>8. Buafaidh Éire bonn óir ag na chéad Chluichí Oilimpeacha eile.<br>9. Beidh sé ag cur báistí amárach.<br>10. Beidh Roy Keane ina bhainisteoir ar fhoireann sacair na hÉireann (daltaí ag bunú a gcuid tuairimí ar thaithí nó ar iomas). | » Siúil timpeall an ranga go bhfeicfidh tú cad atá á scríobh ag na daltaí; má bhíonn deacrachtaí acu cuir ceisteanna orthu a thabharfaidh leid faoi shampla dóibh.<br><br>» Tóg rogha ó gach grúpa agus cuir ar an gclár bán iad. | » Ar smaoinigh daltaí ar roinnt moltaí éagsúla? |

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

| Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora | Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo | Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora | Triail Tuisceana |
|---|---|---|---|
| » Agus iad ag obair i mbeirteanna, iarr orthu smaoineamh ar fhrásaí a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar an dóchúlacht nó ar an seans a tharlóidh teagmhas ar scála ó chinnteacht iomlán go dtí an pointe nach mbeidh seans ar bith ann.<br><br>» Scríobh síos ar a laghad 5 fhrása ag bun **Gníomhaíocht Daltaí 1B**. | » Líonfaidh daltaí frásaí ar **Ghníomhaíocht Daltaí 1B**:<br><br>• cinnte dearfach<br>• seans an-mhaith<br>• dóchúil/dealraitheach<br>• beagnach cinnte<br>• níl aon seans ann<br>• níos dóchúla/dealraithí<br>• is dóchúla/dealraithí<br>• 50/50<br>• seans beag<br>• níl seans ar bith ann<br>• dodhéanta<br>• ní hamhlaidh go dtarlóidh sé<br>• réasúnta dóchúil | » Cinntigh an dtuigeann gach duine an tasc.<br><br>» Siúil timpeall an ranga go bhfeicfidh tú cad atá á scríobh ag na daltaí; má bhíonn deacrachtaí acu cuir ceisteanna orthu a thabharfaidh leid faoi shampla dóibh.<br><br>» Tóg rogha ó gach grúpa agus cuir ar an gclár bán iad. | » An raibh go leor moltaí difriúla ag na daltaí a luaithe agus a thuig siad an tasc? |
| » Scríobh síos an rogha frásaí ranga ón gclár bán agus cuir isteach sa tábla i **nGníomhaíocht Daltaí 2A** iad. | » Cóipeálann daltaí an rogha frásaí (thart ar 12) a mhol an rang ón gclár bán. | » Scaip **Gníomhaíocht Daltaí 2**. | |

| Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora | Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo | Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora | Triail Tuisceana |
|---|---|---|---|
| » Ó liosta na bhfrásaí seo aithin teagmhas a ndéanfaidh gach ceann de na frásaí seo an cur síos is fearr air. | » Líonfaidh na daltaí teagmhas amháin isteach do gach frása ar **Gníomhaíocht Daltaí 2B**. | » Cinntigh go dtuigeann gach duine an tasc.<br><br>» Siúil timpeall an ranga go bhfeicfidh tú cad atá á scríobh ag na daltaí; má bhíonn deacrachtaí acu cuir ceisteanna orthu a thabharfaidh leid faoi shampla dóibh.<br><br>» Tóg rogha ó gach grúpa agus cuir ar an gclár bán é. Iarr ar na daltaí aontú nó easaontú ach mínigh go gcaithfidh siad cúis bhailí a bheith acu leis sin a dhéanamh. | » An raibh go leor moltaí éagsúla acu agus an raibh siad oiriúnach do na frásaí? |
| » Smaoinigh conas a bhainfeá brí as an easpa cruinnis seo i gcásanna difriúla, mar shampla, is dócha nach dtitfidh an t-eitleán a bhfuil tú air vs. is dócha nach mbeidh sé ag cur báistí amárach. An mbeifeá sásta leis an bhfrása "is dócha nach" sa dá chás sin? | » Beidh na daltaí ag lorg tuilleadh cruinnis i gcás eitleáin nach bhfuil le titim – i bhfoirm léiriú uimhriúil ar an bhfrása "is dócha nach". | | » An dtuigeann na daltaí an gá atá le léiriú uimhriúil ar an bhfrása 'is dócha nach'? |

| Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora | Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo | Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora | Triail Tuisceana |
|---|---|---|---|
| » Déanfaimid iarracht tuilleadh cruinnis a fháil trí chéatadáin a úsáid.<br><br>» I dtéarmaí céatadán, conas a dhéanfá cur síos ar "cinnte dearfach", nó ar rud éigin a d'fhéadfadh a bheith cinnte go dtarlódh sé? | • 100% | » Scaip **Gníomhaíocht Daltaí 3**.<br><br>» Fiafraigh den rang agus tabhair nóiméad dóibh le smaoineamh sula gcuirfidh tú ceist ar dhalta amháin. | |
| » Scríobh isteach é sin san áit cheart ar "Scála na Dóchúlachta" (**Gníomhaíocht Daltaí 3A**).<br><br>» I dtéarmaí céatadán, conas a dhéanfá cur síos ar rud éigin nach mbeadh seans ar bith ann go dtarlódh sé? Scríobh isteach é sin san áit cheart ar "Scála na Dóchúlachta" (**Gníomhaíocht Daltaí 3A**). | • 0% | » Cuir béim ar "nach bhfuil seans ar bith ann". | » An dtuigeann daltaí an smaoineamh faoi theorainneacha 0% agus 100% le haghaidh raon na ndóchúlachtaí do theagmhas? |
| » Abair gur dócha go dtarlóidh rud éigin, ach nach bhfuil tú "cinnte dearfach" faoi ach go bhfuil seans maith ann go dtarlóidh sé; an féidir céatadán a chur ar an teagmhas sin?<br><br>» Cad é raon na bhfreagraí? | • B'fhéidir 70%, 80% ach níos mó ná 50%<br><br>• >50% | » Cuir béim ar an bpointe go d'fhéadfadh réimse freagraí a bheith ann ach tabhair faoi deara go mbeidh gach freagra níos mó ná 50%. | » I gcás frásaí ar nós "tá seans maith ann" an dtuigeann daltaí nach bhfuil siad cruinn ach go bhfuil claonadh iontu druidim leis an gcuid uachtair den scála? |

| Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora | Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo | Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora | Triail Tuisceana |
|---|---|---|---|
| » Cuir céatadán measta ar an bhfrása "is dócha nach dtarlóidh sé" (sneachta ar Lá Fhéile Pádraig).<br><br>» Cad é raon na bhfreagraí? | • B'fhéidir 20%, 10%<br><br>• <50% | | » Arís, an dtuigeann na daltaí an smaoineamh go bhféadfadh raon freagraí a bheith ann ach go mbeadh na freagaí níos lú ná 50%? |
| » Cad é raon na gcéatadán a d'fhéadfaimis a úsáid a léireoidh an seans nó an dóchúlacht go dtarlóidh teagmhas, chun gach féidearthacht a chlúdach? | • 0% go 100% | » Fiafraigh den rang; fan tamall agus fiafraigh de dhalta aonair. Mura mbeidh daltaí in ann freagra a thabhairt, téigh ar ais trí na ceisteanna roimhe seo leo. | » An dtuigeann daltaí gur féidir seans a léiriú sa raon idir 0% agus 100%? |
| » Féach ar bharra iomlán seacláide – cad é an céatadán den bharra a bhfuilimd ag feáchaint air? | • 100% | | |
| » Má chaithim pingin san aer, cad é an seans go dtiocfaidh an chláirseach aníos?<br><br>» An bhfuil bealach eile leis an seans sin a léiriú? | • 50%<br><br>• ½ | » Treoraigh an rang i dtreo an choincheapa gurb é an codán a léiríonn an seans go dtarlóidh teagmhas.<br><br>» Má bhíonn daltaí compordach le codáin, b'fhéidir go bhféadfaí iniúchadh a dhéanamh ar chaitheamh dísle fhéaráilte. | |

| Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora | Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo | Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora | Triail Tuisceana |
|---|---|---|---|
| » In áit 0% a thabhairt mar an seans go dtarlóidh rud éigin cad í an uimhir a d'fhéadfaimis a úsáid?<br><br>» Scríobh í sin anois ar "Scála na Dóchúlachta" (Gníomhaíocht Daltaí 3A). | • 0 | » Fiafraigh den rang; ansin roghnaigh dalta aonair leis an ceist a fhreagairt. | » An gceanglaíonn daltaí seans 0% leis an uimhir 0? |
| » Cad iad na raoin uimhreacha a d'fhéadfainn a úsáid leis an seans go dtarlóidh rud éigin a léiriú chun gach féidearthacht a chlúdach? | • 0 go 1 | » Fiafraigh den rang; ansin roghnaigh dalta aonair leis an ceist a fhreagairt. | » An dtuigeann daltaí gur féidir dóchúlacht a léiriú ar scála ó 0 go 1 chomh maith le ar scála ó 0% go 100%? |
| » Tá dhá bhealach agat mar sin chun scála na ndóchúlachtaí a léiriú. Cad iad sin? | • 0% go 100%<br>nó<br>• 0 go 1 | » Fiafraigh den rang; ansin roghnaigh dalta aonair leis an ceist a fhreagairt. | |
| » Tabhair samplaí d'uimhreacha a léireoidh an dóchúlacht go dtarlóidh rud éigin.<br><br>» Cuir ar "Scála na Dóchúlachta" iad ar **Gníomhaíocht Daltaí 3A.**<br><br>» Taispeáin dom cá gcuirfeá 5/8. An bhfuil aon rud difriúil ag aon duine? | • 0.9, 1, 0, .5, .3, ¾, 0.75<br>• 1 = cinnte dearfach<br>• 0 = dodhéanta<br>• 0.5 = seans cothrom<br>• 0.8 = níos dóchúla<br>• 0.1 = an-neamhdhóchúil<br>• 0.2 = neamhdhóchúil<br>• 0.4 = níl seans rómhaith ann | » Fiafraigh den chuid is mó de na daltaí sa rang, agus gach uair fiafraigh díobh a dheimhniú an raibh an ceart acu, agus cén fáth.<br><br>» Scríobh na luachanna cearta ar an gclár.<br>**Nóta:** (Cinntigh go bhfuil rogha maith codán agus deachúlacha cuí ann). Tabhair faoi deara, mar fhrithshuíomh ar "dóchúil", gur féidir linn ar fad aontú le háit na luachanna sin. | » An bhfuil daltaí in ann an méid atá foghlamtha acu faoin scála dóchúlachta a chur i bhfeidhm agus an bhfuil na daltaí in ann raon uimhreacha a thabhairt, deachulachtaí agus codáin san áireamh? |

| Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora | Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo | Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora | Triail Tuisceana |
|---|---|---|---|
| » Má deirim gurb é 2.5 an seans go mbeidh sé ag cur báistí amárach – an bhfuil ciall leis sin?<br>» Má deirim gurb é 3 an dóchúlacht go n-eitleoidh duine díobh go Mars amárach – an bhfuil ciall leis sin? | • Níl, mar is uimhir idir 0 agus 1 a chaithfidh tú úsáid chun an seans a léiriú go dtarlóidh rud éigin. | » Fiafraigh den rang; ansin roghnaigh dalta aonair leis an ceist a fhreagairt. | » An bhfuil daltaí in ann an méid atá foghlamtha acu faoi scála na dóchúlachta a chur i bhfeidhm? |
| » An féidir leat samplaí d'uimhreacha a thabhairt nach féidir a úsáid agus tú ag léiriú an seans go dtarlóidh rud éigin? | • -1<br>• 5, 7,<br>• 2000,<br>• 23.6,<br>• 9/8 | » Fiafraigh den chuid is mó de na daltaí sa rang. Anois iarr ar an rang go léir a dheimhniú an raibh na freagraí ceart agus cén fáth.<br>» Mol codáin agus uimhreacha diúltacha. | » An bhfuil daltaí in ann raon uimhreacha a thabhairt, uimhreacha diultacha san áireamh? |
| » Úsáid rialóir agus tarraing mírlíne "Scála na Dóchúlachta" ó **Gníomhaíocht Daltaí 3A** i do chóipleabhar.<br>» Cuir lipéad "Scála na Dóchúlachta" uirthi seo. Líon isteach na huimhreacha sa liosta ar an gclár. | » Tarraingíonn daltaí an mhírlíne agus líonann siad isteach na huimhreacha. | » Bog timpeall an ranga, cabhraigh le daltaí a bhfuil deacracht acu leis an tasc. | » Ar éirigh le gach dalta an líne a tharraingt agus an scála mharcáil? |
| » Léiríonn an líne ar **Gníomhaíocht Daltaí 3B** scála ó 0 go 1. Agus iad ag obair i mbeirteanna scríobhfaidh siad isteach gach rud ó Bhosca A ar an áit is oiriúnaí ar an líne. (Úsáid saigheada.) | » Scríobhann daltaí isteach gach frása nó uimhir ar an áit chuí ar an scála.<br>» D'fhéadfadh daltaí tosú le céatadáin, a bhfuil taithí acu orthu, agus ansin leanúint ar aghaidh chuig frásaí agus ansin chuig codáin. | » Greamaigh scála mór ar an gclár agus bíodh cártaí agat a bhfuil na roghanna éagsúla scríofa orthu (nó tarraing an líne ar an gclár).<br>» Cinntigh go dtuigeann gach duine an tasc. | » An bhfuil deacrachtaí ag mórán daltaí na céatadáin a thuiscint? |

| Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora | Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo | Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora | Triail Tuisceana |
|---|---|---|---|
| » Leis an léaráid a choinneáil soiléir d'fhéadfá gach céatadán a chur i líne, codáin ar líne eile faoi sin, agus frásaí ar líne eile. | » Féadfaidh na daltaí na frásaí a fhágáil go dtí an deireadh mar nach bhfuil cruinneas sna frásaí. | » Siúil timpeall go bhfeicfidh tú cad atá á scríobh ag na daltaí. Seans go mbeidh deacrachtaí ag daltaí anseo agus iad ag athrú céatadán nó deachúlacha go codáin nó vice versa, aithneoidh tú iad agus féadfaidh tú cúnamh a thabhairt dóibh. | » Ar chríochnaigh gach duine an tasc? |
| » Ceangail na frásaí ar an scála mór ar an gclár. (nó scríobh iad ar an gclár).<br><br>» An aontaíonn gach duine le háit na bhfrásaí ar an gclár?<br><br>» An gceapann aon duine gur chóir iad a athrú?<br><br>» An bhfuil aon rud difriúil ag aon duine?<br><br>» Cén fáth a gceapann tú gur chóir é a athrú? | » Nuair a bheidh gach duine críochnaithe beidh dalta amháin sásta na frásaí a líonadh isteach ar an gclár. | » Gabh buíochas leis an dalta a dhéanfaidh obair ar an gclár.<br><br>» Mura n-aontaíonn dalta caithfidh sé cúis a thabhairt. Déan plé gairid sa rang le comhaontú a bhaint amach. | » An aontaíonn na daltaí le háit na bhfrásaí ar an gclár? |


Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

| Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora | Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo | Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora | Triail Tuisceana |
|---|---|---|---|
| » Do gach ceann de na huimhreacha a bhaineann le dóchúlacht i **mBosca A,** scríobh iad sa dá fhoirm eile a d'fhéadfadh a bheith ann, mar shampla, mar chodán/dheachúil/chéatadán. | • ¾= 75%=0.75<br>• 0.375=3/8=37.5%<br>• 87.5%=7/8=0.875<br>• 0.125=1/8=12.5%<br>• 0.25=1/4=25% | » Cuir na daltaí atá in ann é a dhéanamh go maith in éineacht le daltaí a bhfuil deacrachtaí acu. Tabharfaidh an dalta maith tacaíocht nuair a iarrfar ar an dalta eile a f(h)reagra a mhíniú.<br>» Fiafraigh de dhalta nach raibh cinnte roimhe seo a mhíniú conas a rinne sé/sí na hathruithe ó fhoirm amháin go foirm eile. | |
| **Macnamh**<br><br>» Smaoinigh anois conas a léirigh tú an dóchúlacht go huimhriúil.<br><br>» Tabhair 3 chineál éagsúla uimhreach ar an seans 50/50?<br><br>» Scríobh síos 3 smaoineamh a d'fhoghlaim tú faoin dóchúlacht agus ceist amháin ar a laghad. | <br><br>• %, codáin agus An deachúlacht idir 0 agus 1.<br><br>• 0.5, ½, 50% | | » An bhfuil na daltaí ar an eolas faoi na smaointe seo?<br>1. Baineann an dóchúlacht le neamhchinnteacht agus le conas uimhreacha a cheangal leis an neamhchinnteacht (ní bhíonn go leor cruinnis i bhfrásaí) nuair atá roinnt eolais ann faoi chás áirithe.<br><br>2. Bíonn scála na dóchúlachta idir 0 agus 1.<br><br>3. Is féidir an dóchúlacht a léiriú le codán nó le deachúil idir 0 agus 1 nó le céatadán, m. sh. ½, 0.5, 50%.<br><br>4. Ní bhíonn gach ní sa mhatamaitic cinnte. |

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

# Gníomhaíocht Daltaí 1

## Gníomhaíocht Daltaí 1A

| Cinnte nach dtarlóidh sé | Réimse Neamhchinnteachta | Cinnte go dtarlóidh sé |
|---|---|---|
| 1. ____________ |  | 1. ____________ |
| 2. ____________ | | 2. ____________ |
| 3. ____________ | | 3. ____________ |

## Gníomhaíocht Daltaí 1B
## Frásaí a úsáidtear leis an neamhchinnteacht a chur in iúl

1. ____________________________________________
2. ____________________________________________
3. ____________________________________________
4. ____________________________________________
5. ____________________________________________

# Gníomhaíocht Daltaí 2

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

## Gníomhaíocht Daltaí 2A

Frásaí a úsáidtear leis an neamhchinnteacht a chur in iúl. *(samplaí ón rang)*

1. ______________________
2. ______________________
3. ______________________
4. ______________________
5. ______________________
6. ______________________
7. ______________________
8. ______________________
9. ______________________
10. ______________________
11. ______________________
12. ______________________

## Gníomhaíocht Daltaí 2B

Teagmhas a bhaineann le gach frása *(samplaí ón rang)*

1. ______________________
2. ______________________
3. ______________________
4. ______________________
5. ______________________
6. ______________________
7. ______________________
8. ______________________
9. ______________________
10. ______________________
11. ______________________
12. ______________________

## Gníomhaíocht Daltaí 2C

Cuir na frásaí thuas in ord ar an mírlíne scálaithe – ón dóchúlacht is mó go dtí an dóchúlacht is lú.



© Foireann Forbartha Tionscadal Mata 2009 

# Gníomhaíocht Daltaí 3




## Gníomhaíocht Daltaí 3A

Scála na Dóchúlachta



## Gníomhaíocht Daltaí 3B

Scála na Dóchúlachta




### Bosca A

- An-neamhdhóchúil
- 1/4
- Seans 1 in 4
- 0.125
- Dóchúlacht go bhfaightear corr-uimhir nuair a chaitear dísle
- 3/8
- 75%
- 87.5%
- An-dóchúil
- 0
- 0.25
- ¾
- Cinnte
- 1
- 50:50
- Seans cothrom
- 1/2
- Dodheánta

Cuir in ord na frásaí , na huimhreacha agus na céatadáin thuas san áit cheart ar scála na dóchúlachta.

Faigh agus scríobh síos samplaí ón teilifís, ón raidió nó ó na nuachtáin a léiríonn an tslí a mbíonn tionchar ag an dóchúlacht ar shaol daoine.

© Foireann Forbartha Tionscadal Mata 2009